

BÍ SÁBHÁILTE



Treoir do Thuismitheoirí

Arna fhoilsiú ag an gClár Coiscthe Drochíde ar Leanaí

Teachtaireacht do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí

Fásann an chuid is mó leanaí aníos slán sábháilte ach tá fhios againn ó am go chéile go dtagann siad ar eachtraí sa saol a chuireann as dóibh, a chuireann eagla orthu nó nach bhfuil sábháilte. Tá an Clár Bí Sábháilte leagtha amach le cuidiú lenár gcuid leanaí déileáil le heachtraí den sórt sin.

Tá sé léirithe ag taighde le gairid gur mó seans a bhíonn ann go n-inseoidh leanaí a bhíonn páirteach sa Chlár Bí Sábháilte má tharlaíonn sé go mbíonn siad ag fulaingt ó bhulaíocht nó dhrochíde agus gur mó seans go dtabharfaidh tuismitheoirí, múinteoirí, caomhnóirí a bhíonn páirteach sa chlár aird orthu ar bhealach cosantach a thugann tacaíocht dóibh.

Ó tugadh an clár isteach sna bunscoileanna d'iarr tuismitheoirí/caomhnóirí orainn go minic tuilleadh eolais a chur ar fáil faoi dhrochíde leanaí agus bulaíocht a chosc. Mar thoradh air sin cuireadh an leabhrán seo ar fáil a mhíníonn conas is féidir leatsa agus le do scoil tríd an gClár Bí Sábháilte – cuidiú le do leanbh a choinneáil sásta, muiníneach agus slán.

ÁBHAR

RÉAMHRÁ	4
AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE	7
BULAÍOCHT	17
DROCHÍDE LEANAÍ	23
EAGRAÍOCHTAÍ	30

Is mian leis an gClár Bí Sábháilte buíochas a ghabháil le Patricia Shanahan, Marion Hefferon, Martina Gannon, Sean O’Casaide, Veronica McDermott, Maria Lawlor agus Deirdre McIntyre as a gcuid saothair chun an leabhrán seo a chur ar fáil.

Léaráidí: Barbara Nolan

Dearadh Grafaicí: jean langley
graphic design services
087 224 9752

BÍ SÁBHÁILTE – Treoir do Thuismitheoirí,
©2000 Clár Coiscthe Drochíde ar Leanaí

RÉAMHRÁ

Bunaíodh an Clár Coiscthe Drochíde ar Leanaí (CCDL) i 1987 chun tabhairt faoi na fadhbanna a bhain le bulaíocht agus drochíde leanaí. Chuige sin thug CCDL isteach an Clár Bí Sábháilte sna bunscoileanna agus an aidhm leis scileanna sábháilteachta pearsanta leanaí sna bunscoileanna a fhorbairt.

Tá CCDL cómhaoinithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí agus ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

SÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA

Bíonn gá ag leanaí le scileanna sábháilteachta pearsanta chun freagairt a thabhairt ar bhealach sábháilte ar shuíomh a chuirfeadh as dóibh, a bheadh contúirteach nó ina bhféadfadh drochíde tarlú ann. Cheana féin cuirimid teagasc ar leanaí faoin gcontúirt a bhaineann le trácht agus conas dul trasna an bhóthair slán sábháilte ach ní mór dúinn freisin teagasc a chur orthu faoin tslí le déileáil le suímh nach mbíonn sábháilte. Tá sé faighte amach againn gur fearr a fhoghlaimíonn leanaí scileanna sábháilteachta pearsanta agus gur fearr a thugann siad chun cuimhne iad nuair a bhíonn an scoil agus an baile ag obair i gcomhar le chéile.

AG COThÚ MUINÍNE AGUS FEINMHEASA

Is lú seans go bhfulaingeoídh leanbh a mbeidh muinín agus féinmheas ag roinnt leo ó bhulaíocht nó ó dhrochíde. Tá sé



tábhachtach mar sin go mbainfeadh tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí agus daoine fásta eile i saol an linbh leas as gach deis atá ann chun cur le féinmhuinín agus féinmheas an linbh. Ag glacadh leis gurb é an teaghlach an timpeallacht foghlama is tábhachtaí don leanbh ba cheart gach iarracht a dhéanamh sa bhaile chun muinín agus féinmheas an linbh a chur chun cinn agus a fhorbairt. Áirítear ar roinnt de na bealaí ar féidir sin a dhéanamh:

- Grá agus cion a léiriú
- Slándáil a sholáthar
- Ag spreagadh agus ag moladh
- Ag tabhairt faoi deara nuair a dhéanann leanbh iarracht speisialta
- Spriocanna réalacha a leagan síos
- Deis a thabhairt do do leanbh a bheith páirteach i ndéanamh cinntí simplí laethúla
- Teoranacha soiléire maidir le hiompar a leagan síos
- Meas a léiriú ar do leanbh.

CUMARSÁID

Is maith le leanaí a bheith ag caint faoi na rudaí a tharlaíonn dóibh ó la go lá agus a bheith ag éisteacht le daoine fásta ag labhairt faoin saol a chaith siad nuair a bhí siadsan ina leanaí. Má labhraíonn tú le leanaí ar an mbealach sin cabhróidh sé sin leis an gcumarsáid eadraibh. Má chuireann tú an t-am ar leataobh chun éisteacht le leanbh agus é nó í ag cur a gcuide tuairimí agus mothúchán in iúl cabhraíonn sé le féinmhuinín an linbh a chothú agus musclaíonn sé an leanbh chun a bheith níos oscailte. Má thugann tú cluas le héisteacht don leanbh agus freagra a thabhairt léiríonn sé sin do do leanbh go bhfuil suim agat sa rud atá sé nó sí ag rá.

Teastaíonn sé ó leanaí go léireofaí go bhfuil grá dóibh, go dtugtar aire dóibh agus go mbeadh meas ar a gcuide tuairimí agus ar a ndearcadh. Déantar é sin trí éisteacht leo chomh maith agus le bheith



ag caint leo. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag an leanbh gur féidir leis nó léi teacht chugat má bhíonn aon fhadhb acu.

AR LABHAIR TÚ LE DO LEANBH FAOI SHÁBHÁILTEACHT PHEARSANTA?

B'fhéidir go bhfuil rialacha agat sa bhaile faoi thine, innealra feirme, contúirtí leictreachais &rl. Is cinnte gur mhúin tú rialacha an bhóthair agus faoi shábháilteacht uisce do do leanbh. Is dócha gur labhair tú chomh maith faoi strainséirí. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh a fhios ag do leanbh:

- Cad ba chóir dóibh a dhéanamh má mhothaíonn siad inmíoch, trína chéile, nó neamhshábháilte faoi aon suíomh
- Cad ba chóir dóibh a dhéanamh má théann siad amú i siopa nó i mbaile
- Cad ba chóir dóibh a dhéanamh má thagann strainséar chucu
- Gan aon ní a ghlacadh ó dhuine nach bhfuil aithne acu air nó uirthi
- Gan dul aon áit gan é a insint duit ar dtús.

ROINNT ÁBHAR EILE

Ní leor rialacha faoi shábháilteacht a leagan síos do do leanbh.

Seo roinnt ábhar ar cheart duit cuimhneamh orthu:

- An dtugann tú cluas le héisteacht do do leanbh?
- An spreagann tú do leanbh chun labhairt leat?
- Cén sórt freagairtí a thugann tú ar fhadhbanna a roinneann do leanbh leat?
- An mbíonn a fhios agat i gcónaí cá mbíonn do leanbh, cé atá leo agus cad atá ar siúl acu?
- Cé a dhéanann cúram do do leanbh nuair nach mbíonn tusa in éineacht leo?
- Cén t-eolas atá agat faoi do fheighlí leanaí/cúramóir leanaí agus an dtarraingíonn sí go maith le do leanbh? Níor chóir go mbeadh náire ort teastas a iarraidh.
- Cé chuige a rachaidh do leanbh chun cúnamh a fháil má bhíonn tusa as baile?
- Cad a chaithfidh a bheith ar eolas ag do leanbh faoi dhrugaí, alcól agus cúrsaí gnéis?
- Cén t-ábhar a bhfuil cead ag do leanbh féachaint air ar an teilifís?
- Cén teacht atá ag do leanbh ar an idirlíon agus ar chluichí ríomhaireachta?

Tá scileanna sabháilteachta pearsanta mar chuid den Churaclam Oideachais Sóisialta, Phearsanta agus Sláinte sna bunscoileanna ar fad.



AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE

Is éard atá sa Chlár Bí Sábháilte ná clár scileanna sábháilteachta pearsanta do bhunscoileanna – do ghnáthscoileanna agus do scoileanna speisialta. Is í an phríomhaidhm atá leis cosc a chur le drochíde leanaí, bulaíocht agus cineálacha eile leatroma.

CAD A DHÉANANN AN CLÁR SEO?

Déanann an clár forbairt ar chumas an linbh suíomh contúirteach a aithint, cur ina aghaidh agus tuairisc a thabhairt ar an suíomh sin trína mhúineadh do leanaí:

- Conas suíomh contúirteach nó suíomh a chuireann as dóibh a aithint dóibh féin.
- Rialacha simplí a thabhairt dóibh chun drochíde a sheachaint.
- Meas a bheith acu ar chearta daoine eile agus omós a thabhairt dóibh.
- An teanga agus na scileanna a theastaíonn uathu chun cúnamh a fháil a theagasc dóibh.

Cuireann an clár seo eolas ar fáil freisin do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí faoi chosc a chur le bulaíocht agus drochíde leanaí, chomh maith le tuiscint níos mó a chruthú i measc an phobail faoi na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith agus atá ag leanaí.

CONAS A MÚINTEAR AN CLÁR SEO?

An tslí is fearr ná go múineann an gnáthmhúinteoir ranga ábhar cheachtanna Bí Sábháilte agus ansin

pléitear na ceachtanana leis na thuismitheoirí sa bhaile. Comhoibríonn na múinteoirí agus na thuismitheoirí lena chinntiú go bhfoghlaímíonn na leanaí na scileanna a theastaíonn uathu chun fanacht slán sábháilte.

Tá ceithre shraith ceachtanna mar atá leagtha amach thíos sa chlár:

Rang	Líon Ceachtanna	Achar na Ceachta
Naíonáin Mhóra	9	20 nóiméad
1 & 2	9	30 nóiméad
3 & 4	9	30 nóiméad
5 & 6	5	30 nóiméad

Moltar gur ceacht amháin in aghaidh na seachaine a mhúinteoir

Tá breis ceachtanna/ceachtanna forlíontacha ar fáil do leanaí lena mbaineann riachtanais speisialta.

Tugadh an clár Scileanna Sabháilteachta Pearsanta Do Leanaí le Deacráíochtaí Foghlamtha isteach 1996 agus leagadh amach an clár lena úsáid i gcás leanaí lena mbaineann éalang súl, deacrachtaí foghlamtha cogneolaíoch, éalang éisteachta, míchumas fisiciúil nó deachrachtaí mothúchán nó iompair.

Féach roinn 'Leanaí lena mbaineann Riachtanais Speisialta' leathanach 14.

CAD A FHOGHLAIMEOIDH NA LEANAÍ?

Múintear do leanaí sna ceachtanna cad ba chóir dóibh a dhéanamh má bhíonn siad scanraithe nó trína chéile. Ceann de na príomhphointí a fhoghlaimíonn leanaí ná má bhíonn fadhb acu gur chóir dóibh insint do dhuine fásta a bhfuil aithne acu air/uirthi agus a bhfuil muinín acu astu faoin bhfadhb sin.

CÉN CHAOI A BHFUIL

TUISMITHEOIRÍ/CAOMHNÓIRÍ PÁIRTEACH SA CHLÁR SEO?

Ta sé an-tábhachtach go mbeifeá páirteach sa chlár mar is iad na tuismitheoirí/caomhnóirí na daoine is tábhachtaí i saol linbh agus is mó seans gur chugatsa a thiocfaidh leanbh má bhíonn sé faoi imní nó faoi bhuaire. Tá sé léirithe go n-éiríonn go han-mhaith le clár mar Bí Sábháilte nuair a bhíonn na tuismitheoirí/caomhnóirí páirteach iontu.

Sular gcuirtear an clár seo ar bun sa scoil b'fhéidir go bhfaighfeá cuireadh teacht chuig cruinniú tuismitheoirí, áit a míneofar an clár agus a mbeidh deis agat ceisteanna a chur.

D'fhéadfadh sé go dtabharfaí bileoga oibre a bheidh ag dul leis na ceachtanna do do leanbh mar chuid de na ceachtanna nó d'fhéadfaí go dtabharfaí abhaile iad le go síneoidh tú iad. (Is as bileoga oibre na leanaí na léaráidí atá sa

leabhrán seo). Tá sé tábhachtach go mbainfeá leas astu sin chun ábhar na gceachtanna a phlé le do leanbh. Má dhéanann tú sin gheobhaidh tú léargas ar an ní atá an leanbh a fhoghlaim agus tabharfaidh sé deis an t-ábhar a phlé ar bhealach níos pearsanta nach bhféadfaí a dhéanamh sa seomra ranga. Tabharfaidh sé deis duit freisin ceisteanna sábháilteachta pearsanta a phlé le do leanbh agus rialacha sábháilteachta atá sa teaghlach a mhíniú. Uaireanta bhain leanaí leas as bileoga oibre chun a insint do thuismitheoirí/chaomhnóirí faoi fhadhbanna a bhí acu.

Sula dtosóidh an Clár:

- Déan cinnte go bhfuil cleachtadh agat ar thopaic na gceachtanna mar atá leagtha amach sa roinn thíos
- Labhair le do leanbh faoin gclár. Mínigh dóibh go múinfidh an clár dóibh conas iad féin a choinneáil sábháilte.
- Socraigh ar am le cur ar leataobh chun plé a dhéanamh ar na bileoga oibre.

TOPAICÍ NA GCEACHTANNA

Pléitear cúig thopaic sa Chlár Bí Sábháilte:

Ag mothú Sábháilte/Neamhshábháilte

Bulaíocht

Tadhail

Rúin agus Inseacht fúthu

Strainséirí.

Déileálar le gach topaic ar bhealach a chuireann an bhéim ar an taithí dhearfach ach ag admháil go mbíonn tráthanna ann nach mbraitheann leanaí sábháilte, go mbraitheann siad faoi bhagairt nó scanraithe.

Foghlaímíonn leanaí straitéisí sábháilteachta simplí trí phlé sa seomra ranga, rólghlacadh agus athdhéanamh chun déileáil le fadhbanna.

Foghlaímíonn leanaí gur chóir dóibh i gcónaí insint do dhuine fásta a bheidh in ann teacht i gcabhair orthu. Is i an teachtaireacht tríd is tríd go bhfoghlaimeoidh leanaí chun:

- ‘Stop’ a rá
- Imeacht agus insint

Tá ábhair gach topaice leagtha amach sna leathanaigh thíos agus in éineacht leo tá moltaí a chuideodh leat b’fhéidir agus tú ag plé na topaice le do leanbh.

AG MOTHÚ SÁBHÁILTE AGUS NEAMHSHÁBHÁILTE

Foghlaímíonn leanaí sa roinn seo:

- A aithint nuair a bhraitheann siad sábháilte/neamhshábháilte agus a bheith in ann cur síos air (tagraítear do mhothúcháin shábháilte agus neamhshábháilte mar mhothúcháin ‘maith’ agus ‘dona’
- A bheith ullamh roimh ré do shuímh a bhféadfadh contúirt a bheith ag baint leo
- Bealaí chun déileáil le gnáthnithe nach mbraithfidís sábháilte fúthu fearacht a bheith imithe amú
- Gur chóir dóibh i gcónaí insint do dhuine fásta (tuismitheoir/caomhnóir/cúramaí) faoi aon suíomh a bhraitheann siad a bheith neamhshábháilte, a chuireann as dóibh nó a bhíonn mar bhagairt dóibh.

Moltaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Pléigh le do leanbh tráthanna a mbraitheann siad sábháilte agus neamhshábháilte agus iarr orthu samplaí a thabhairt duit as na ceachtanna.

Labhair le do leanbh faoi na rialacha ba chóir dó nó di a leanúint dá mbeidís imithe amú nó dá dtiocfadh strainséir chuig an doras nó ar an bhfón.



Mol do do leanbh é a insint do dhuine fásta faoi aon suíomh ina mothódh sé nó sí neamhshábháilte, trína chéile, suaite nó faoi imní.

BULAÍOCHT

Sa roinn seo foghlaimíonn leanaí:

- Meas a bheith acu ar chairdeas
- Scileanna chun cairde a dhéanamh agus a choinneáil
- Tuiscint ar chineálacha éagsúla bulaíochta agus an tionchar a bhíonn ag bulaíocht
- Nach mbíonn aon duine neamhchiontach má fhanann siad amach as an scéal i gcás bulaíochta
- Conas déileáil leis má dhéantar bulaíocht orthu - gur chóir dóibh cabhair a lorg ar dhuine fásta má bhíonn fadhb acu le bulaíocht
- Nach féidir glacadh le bulaíocht ar dhaoine eile.

Moltaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Labhair le do leanbh faoin tábhacht a bhaineann le cairdeas.

Pléigh bulaíocht le do leanbh. Labhair le do leanbh faoi na cúiseanna ar chóir dó nó di meas a bheith i gcónaí acu ar dhaoine eile agus nár chóir dóibh bulaíocht a dhéanamh ar aon duine.

Fiafraigh de do leanbh an ndearnadh bulaíocht riamh air nó uirthi agus cuir rialacha Bí Sábháilte i gcuimhne dó nó di: Abair ‘stop’ - Imigh agus Inis. Labhair faoi na tráthanna a mbíonn sé sábháilte ‘stop’ a rá le bulaí agus tabhair cleachtadh do do leanbh é a rá. Cuir béim ar an bpointe nár chóir do do leanbh náire nó eagla a bheith go deo air nó uirthi insint do dhuine fásta fiú má bhíonn ní éigin déanta as bealach aige nó aici.

Féach leathanach 17 le haghaidh tuilleadh eolais faoi bhulaíocht.

TADHAILL

Sa roinn seo foghlaimíonn leanaí:

- Le meas a bheith acu ar ghnáthchion agus taitneamh a bhaint as
- Le tuiscint a fháil ar an mbrí atá le pearsanta agus príobháideach
- Cad ba chóir dóibh a dhéanamh má theagmhálann duine éigin leo ar bhealach nach bhfuil uathu nó a bhraitheann siad a bheith neamhshábháilte
- Gan teagmháil go deo le haon duine ar bhealach nach dtaithníonn leo

- Meas a bheith acu ar chearta daoine eile
- Go bhfuil sé ceart go leor ‘stop’ a rá le haon duine a iarrann orthu rud éigin contráilte nó contúirteach a dhéanamh - fiú más duine fásta a iarrann sin orthu
- Gan rún a choinneáil go deo faoi thadhaill.

Ón gcéad rang ar aghaidh múintear do leanaí go bhfuil páirteanna dá gcolainn a mbíonn go leor teagmhála leo – b’fhéidir go gcroithfeadh duine lámh leo, go leagfaidís lámh go deas ar a gceann nó go gcuirfidís a lámha thart orthu. Foghlaimíonn leanaí go bhfuil páirteanna eile dá gcolainn atá príobháideach ach amháin nuair a bhíonn leambh á níochán, nó á scrúdú ag dochtúir nó altra. Má scrúdaíonn dochtúir iad an gá dóibh é sin a choinneáil ina rún – Ní gá ar ndóigh!

Mínítear do leanaí gurb iad na páirteanna príobháideacha na páirteanna sin a chluadaíonn a gcuid fo-éadaí nó éadaí snámha. Múintear do leanaí go bhfuil sé ceart go leor ‘stop’ a rá má iarrann duine fásta orthu rud a dhéanamh atá mícheart nó contúirteach. Moltar dóibh é a insint do dhuine fásta má iarrann aon duine orthu teagmháil a choinneáil faoi rún.

Moltaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Labhair le do leambh faoi na cineálacha tadhall is maith nó nach maith leis nó léi.

Inis do do leambh go bhfuil sé ceart go leor ‘stop’ a rá má iarrann duine fásta air nó uirthi ní éigin a dhéanamh a bhraitheann siad a bheith contúirteach nó neamhshábháilte. Cuir i gcuimhne do

do leambh go bhfuil sé ceart go leor ‘stop’ a rá má dhéanann duine fásta teagmháil leo ar bhealach nach dtaitníonn leo - mar shampla tá leanaí ann agus ní maith leo dinglis, ná go mbéarfaí barróg orthu nó go mbainfeadh duine fásta póg díobh.

Pléigh tadhaill shábháilte agus tadhaill neamhshábháilte le do leambh agus na rialacha a bheidh foghlamtha aige nó aici sa seomra ranga: abair ‘stop’ - imigh agus inis. Abair leis an leambh gan aon teagmháil a choimeád faoi rún agus gur cheart dó nó di insint faoi i gcónaí do dhuine fásta.

RÚIN AGUS INSINT

Sa roinn seo foghlaimíonn leanaí:

- Idirdealú a dhéanamh idir rúin mhaithe agus drochrúin
- A aithint cé dó ba cheart insint má bhíonn fadhb acu
- Na deacrachtaí a bhaineann le hinsint má bhíonn breaba nó bagairt i gceist
- Conas insint – agus leanúint ag insint go dtí go bhfaighidh siad cúnamh.

Moltaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Labhair le do leambh faoi rúin. Mínigh an difríocht idir rún maith agus drochrún. Is geall le rud iontach iad rúin mhaithe. Cuireann drochrúin eagla ar leanaí, braitheann siad neamhshábháilte agus b’fhéidir go mbeadh breab nó bagairt i gceist leo.

Labhair le do leambh faoin méid ba chóir dó nó di a dhéanamh má iarrann aon duine orthu drochrún a choimeád. Leag béim ar an bpointe nach bhfuil sé de cheart ag aon duine iachall a chur ar dhuine drochtheagmháil a choimeád faoi

rún agus gur chóir dóibh insint i gcónaí do dhuine fásta faoi dhrochrún.

Déan cinnte go mbeidh fhios ag an leanbh i gcónaí le teacht chugat má bhíonn fadhb aige nó aici nó má bhíonn rud éigin ag cur as dóibh. Tá sé an-tábhachtach go gcuirfeá am ar leataobh le labhairt le do leanbh. Is mó seans go dtiocfaidh do leanbh chugat chun labhairt leat má bhíonn imní nó buairt orthu faoi aon ní má bhraitheann siad go bhfaighidh siad cluas le héisteacht. Má thugann tú éisteacht do do leanaí agus má thugann tú freagairt orthu léiríonn sé sin go bhfuil spéis agat iontu agus a bhfuil le rá acu agus ina gcuid tuairimí.

Pléigh an tábhacht a bhaineann le hinsint agus cinntigh go bhfuil fhios ag

an leanbh nár cheart aon náire ná eagla a bheith air nó uirthi insint má bhíonn fadhb acu. Cuidigh leis an leanbh liosta a tharraing aníos de na daoine a bhféadfadh sé nó sí dul chucu má bhíonn fadhb acu. Ba cheart gur daoine a bheadh i gceist a d'fhéadfá féin agus do leanbh muinín a bheith agaibh astu agus ar féidir le do leanbh teagmháil a dhéanamh leo go héasca. Mínígh go mbíonn daoine fásta uaireanta 'gnóthach' agus nach 'gcloisfidís' uaireanta an méid a bheifí a rá leo. Pléigh cad ba chóir do do leanbh a dhéanamh má tharlaíonn sé nach dtabharfaidh an duine fásta cluas dóibh nó nach dtuigfidh siad iad.



STRAINSÉIRÍ

Sa roinn seo foghlaimíonn leanaí:


- Gur strainséir aon duine nach bhfuil aithne acu air nó uirthi
- Gur daoine deasa atá sa chuid is mó de na strainséirí
- Gan dul go deo in aon áit in éineacht le strainséir ná gan aon ní a ghlacadh ó strainséir.

Moltaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí

Pléigh le do leanbh an bhrí atá leis an bhfocal ‘strainséir. Tá sé tábhachtach béim a leagan ar an bpointe gur daoine deasa a bhíonn sa chuid is mó de na

strainséirí agus go mbímid uaireanta ag brath ar strainséirí nuair a thagann an cruca ar an tairne ach ag an am céanna go bhfuil rialacha ann ba chóir do leanaí leanúint agus iad ag déileáil le strainséirí.

Fiafraigh de do leanbh cad a dhéanfadh sé nó sí i suímh éagsúla ina mbeadh strainséirí i gceist mar shampla má iarrann strainséir treoracha ar leanaí nó má thairgeann strainséir síob do leanbh. Leag béim ar an bpointe nach bhfuil sé drochbheasach diúltú labhairt le strainséir má bhraitheann an leanbh neamhshábháilte. Pléigh na rialacha ginearálta le do leanbh: Abair ‘stop’ – Imigh agus Inis.





LEANAÍ A BHFUIL RIACHTANAIS SPEISIALTA ACU

Bíonn gá ag leanaí lena mbaineann míchumas le scileanna sábháilteachta pearsanta. Léiríonn na staidéir is déanaí gur mó seans go bhfulaingeoídh leanaí lena mbaineann míchumas drochíde ná leanaí nach mbaineann míchumas leo ar chúiseanna mar na cinn seo a leanas:

- Drochscileanna cumarsáide
- Braistint theoranta contúirte
- Gá le cúram pearsain mar níochán agus leithreasú
- Easpa gluaiseachta
- Ag brath ar dhaoine fásta ó thaobh go leor riachtanas
- Éagsúlacht cúramóirí agus suímh chúraim
- Gá le haird, cairdeas nó cion
- Easpa féinmhuiníne agus easpa teanntáis
- Eagla nach gcreidfí iad
- Tuiscint theoranta ar ghnéasaíocht nó iompar gnéasach

Is mó seans go bhfulaingeoídh leanaí lena mbaineann míchumas ó easpa féinmheasa, go mbraithfidh siad gearrtha amach agus go mbraithfidh siad nach bhfuil aon chumhacht acu.

Is mó seans go bhfulaingeoídh leanaí a mbaineann míchumas forbartha leo.

MÁ BHAINÉANN MÍCHUMAS LE DO

LEANBH

Mar thuismitheoir/chaomhnóir leanbh lena mbaineann míchumas tuigfidh tú an cúnamh breise a theastaíonn ó do leanbh agus na daoine fásta/cúramóirí breise i saol do linbh. Tá sé tábhachtach áfach go spreagfa do leanbh a bheith chomh neamhspleách agus chomh muiníneach agus is féidir.

Is féidir leat cuidiú le muinín agus neamhspleáchas do linbh trí:

- Bhéim a leagan ar láidreachtaí do linbh
- Dheis a thabhairt do do leanbh cinntí agus roghanna a dhéanamh
- Neamhspleáchas a chothú maidir le glaineacht, gléasadh agus sláinteachas
- Scileanna sóisialta cuí a chothú - ag beannú do dhaoine, deabhéasa etc.
- Mhúineadh do do leanbh conas a (h)ainm, a s(h)eoladh agus a (h)uimhir fóin a rá nó a scríobh
- A chinntiú go mbeidh sé nó sí in ann treoracha a lorg nó glaonna éigeandála fóin a dhéanamh
- Riachtanais an linbh ó thaobh príobháideachais agus dínite a aithint. Tá sé tábhachtach go mbeadh rialacha ann faoi cé a bhreathnaíonn i ndiaidh riachtanais phearsain an linbh agus a chinntiú go mbraitheann an leanbh ar a shuaimhneas nó ar a suaimhneas faoi na socrúithe atá ann. Ba chóir go míneofaí i gcónaí do leanbh cad atá ar bun agus cén t-údar atá leis
- Plé a dhéanamh ar ‘dá dtarlódh’ le do leanbh. B’fhéidir go mbeadh gá ag leanaí lena mbaineann riachtanais

speisialta le rialacha sonracha do gach suíomh sonracha. Ní mór dóibh na rialacha sin a chleachtadh agus cleachtadh a fháil ar ‘stop’ a rá

- A chinntiú go dtuigeann an leanbh cad atá i gceist le ‘sábháilte’, ‘neamhshábháilte’, ‘príobháideach’, ‘rún’, ‘strainséir’, ‘trust’, ‘cearta’ etc.
- Chuid de na ‘Moltaí do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí’ atá leagtha amach i gcaibidlí roimhe seo a chur in oiriúint duitse agus do do leanbh. Mar shampla má bhíonn deacrachtaí urlabhraíochta ag do leanbh tá sé tábhachtach go mbeadh slí éigin aige nó aici lena chur in iúl duit go bhfuil ní éigin ag goilliúint orthu nó go bhfuil cabhair uathu.

AN CLÁR BÍ SÁBHÁILTE DO LEANAÍ LENA MBAINÉANN RIACHTANAIS SPEISIALTA

Tá ‘Scileanna Pearsanta Speisialta do Leanaí lena mbaineann Riachtanais Speisialta’ leagtha amach ag an gClár Coiscthe Drochíde ar Leanaí le cuidiú le scileanna sábháilteachta a mhúineadh do leanaí lena mbaineann riachtanais speisialta. Ainneoin go bhfuil sé dírithe ar leanaí lena mbaineann míchumas atá idir sé bliana agus trí bliana déag d’aois d’fhéadfadh an clár a bheith oiriúnach freisin do roinnt leanaí níos sine lena mbaineann riachtanais speisialta.

Clúdaíonn ceachtanna don chlár seo na topaicí céanna atá sa phríomhchlár agus tá siad roinnte i gcúig chatagóir le freastal a dhéanamh ar leanaí lena mbaineann na riachtanais speisialta seo a leanas: éalang amhairc, míchumas fisiciúil, deacrachtaí foghlamtha cogneolaíoch, éalang éisteachta, deacrachtaí mothúchán agus iompair.




Is féidir leas a bhaint as ábhar ó gach ceann de na cúig chatagóir ag brath ar riachtanais an linbh. Tá tríocha bileog oibre ag dul leis na ceachtanna sin. Is féidir le múinteoirí leas a bhaint freisin as príomhcheachtanna Bí Sábháilte chun cur leis an obair.

Ní mór roinnt mhaith ama a chaitheamh le forbairt scileanna sábháilteachta pearsanta leanaí lena mbaineann riachtanais speisialta.

B'fhéidir gur mhaith leat plé a dhéanamh le múinteoir do linbh féachaint conas is féidir leat tacú le teagasc an chláir do do leanbh.

BULAÍOCHT



Cad é Bulaíocht ?

Is féidir bulaíocht a shainiú mar iompar trodach cibé trí chaint, go fisiciúil nó mothúchánach agus a tharlaíonn arís agus arís eile. D'fhéadfadh gur grúpaí a bheadh ciontach as nó daoine aonair agus d'fhéadfadh an iompar sin tarlú in áit ar bith. Is féidir leis an iompar sin duine a ghortú, pian a chur ar dhuine, goilliúint go mór ar dhuine nó eagla a chur air nó uirthi.

D'fhéadfadh bulaíocht a bheith:

Fisiciúil

Ag bualadh, ag brú, ag suncáil, ag baint sceapóg, ag baint barrathuisle etc.

Cur as do nithe an linbh m.sh leabhair, airgead nó lón

Iallach a chur ar an leanbh rud éigin a dhéanamh don bhulaí mar shampla obair bhaile, jabanna etc.

Caint:

Leasainmneacha

Caidéiseacha
ghoilliúnacha,
mhaslaitheacha nó
dhísbheagacha faoin gcaoi
a bheadh ar leanbh, faoi
chumas, mhuintir, cine nó
creideamh linbh.

Scaipeadh béadán gránna,
goilliúnach nó bréagach nó
ráflaí faoi dhuine.

Mothúchánach

Ag fágáil amach leanbh
d'aon turas nó á fágáil nó á
fhágáil as nó aisti féin.

Imeagló

Ag déanamh fiodmhagaidh
faoi obair dhuine

Ag tarraingt le chéile in
aghaidh dhuine amháin

Déanann gach cineál bulaíochta
damáiste agus is minic go mbíonn sé
deacair bulaíocht a thabhairt faoi deara –
go háirithe bulaíocht cainte agus
mhothúchánach – de bharr go
mbraitheann sí ar rúndacht. I gcuid

mhaith de chásanna bulaíochta bíonn eagla ar an té a bhíonn ag fulaingt insint faoi. Is iad na bulaithe is fearr a n-éiríonn leo na daoine sin a chuireann iallach ar na fulaingeoirí fanacht ciúin trí bhagairt a dhéanamh orthu nó iad a náiriú.

Ní bhíonn aon duine a fhanann ciúin i gcás bulaíochta gan locht. Mar thuismitheoirí, múinteoirí nó leanaí tá ról againn ar fad a chinntiú gur féidir leis na daoine a bhíonn thart orainn a saol a chaitheamh d'uireasa bulaíochta.

CONAS A BHEADH FHIOS AGAT DÁ MBEADH BULAÍOCHT A DHÉANAMH AR DO LEANBH?

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ina léiriú go bhfuil bulaíocht a dhéanamh ar do leanbh. Tá sé tábhachtach cuimhneamh freisin go bhféadfadh sé gur comharthaí ar nithe eile a bheadh i gcomharthaí a cheapfa gur comharthaí bulaíochta iad. Níor cheart féachaint ar chomhartha amháin as féin mar chruthú cinnte go bhfuil bulaíocht ar bun. Tá sé tábhachtach fiosrú a dhéanamh faoi athrú nach bhfuil aon mhíniú air atá tarlaithe in iompar do linbh.

Má bhíonn bulaíocht á déanamh ar do leanbh d'fhéadfadh:

- Go mbeadh sé nó sí an- chiúin, neirbhíseach nó faoi theannas
- Deacrachtaí codlata a bheith aige nó aici mar thromluí, ag fliuchadh na leapa, easpa codlata
- Go mbeadh sé nó sí ag fulaingt ó fhadhbanna itheacháin
- Go mbeadh brúnna, scríobanna nach mbeadh aon mhíniú orthu air nó uirthi
- Go dtiocfadh sé nó sí abhaile go minic d'uireasa leabhar, éadaí nó nithe a bhíonn acu nó dochar déanta dóibh
- Go mbeidís seasta ag iarraidh airgid nó á ghoid (le bulai a íoc).
- Go dtosódh sé nó sí ag déanamh bulaíochta ar dhuine éigin eile
- Go mbeadh drogall air nó uirthi dul ar scoil, dul amach ag déanamh spraoi nó leanúint le gníomhaíochtaí eile
- Go mbeadh drogall air nó uirthi siúl chuig an scoil nó ar ais nó chuig gníomhaíochtaí eile
- Go dtosódh meath ag teacht ar a gcuid obair scoile
- Go bhfanfadh sé nó sí leis nó léi féin agus go mbeidís ciúin socair.

- Go mbeadh inní orthu nó go n-éireoidís seachantach nuair a d'fhiafrófaí dóibh an raibh aon ní ag cur as dóibh.
- D'fhéadfadh leanaí leithscéal a dhéanamh do cheann ar bith acu sin thuas.

CAD IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH MÁ BHRAITHEANN TÚ GO BHFUIL BULAÍOCHT Á DÉANAMH AR DO LEANBH?

Fiafraigh Is minic nach mbíonn sé éasca ar leanaí insint, tá sé tábhachtach mar sin go gcuirfeá ceist ar do leanbh faoi bhulaíocht. Tabhair le fios dóibh go bhféadfaidh siad insint duit faoi má bhíonn fadhb acu.

Éist Éist leis an méid a bhíonn le rá ag do leanbh leat. Má bhraitheann do leanbh go bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi tabhair aird air sin.

Labhair Pléigh an fhadhb le do leanbh agus pléigh an chaoi a bhféadfaí an scéal a réiteach. Níor cheart do leanbh a spreagadh chun díoltas a fháil ar ais mar go bhféadfadh sé tarlú go ngortófaí duine éigin.

Cuidigh le do leanbh a theacht ar an tuiscint go bhfuil bulaíocht mícheart agus nár cheart riamh

d'fhulaingeoirí milleán a chur orthu féin nuair a tharlaíonn bulaíocht.

Faigh cúnamh Faigh amach na háiteanna a bhfuil an bhulaíocht ag tarlú.

Má bhaineann an bhulaíocht leis an scoil labhair leis an múinteoir ranga agus/nó leis an bpríomhoide. B'fhéidir go gcuideodh sé leis an scéal coinne a dhéanamh. Tá sé tábhachtach go mbeadh do chuid fíricí cruinn agat sula n-ardaíonn tú an cheist leis an scoil. Má bhaineann an bhulaíocht le club nó le gníomhaíocht a dhéanann do leanbh freastal uirthi labhair le ceannaire an ghrúpa. Míniú don mhúinteoir nó don cheannaire grúpa an méid atá ag tarlú agus an chaoi a mbraitheann do leanbh. Pléigh leo an tslí a bhféadfadh sibh oibriú le chéile chun an bhulaíocht a stopadh.

Faigh cúnamh ó chairde chun tacú leis an leanbh - tabhair cuireadh isteach do chairde ag súgradh nó téigh amach ar ócáidí teaghlaigh.

Labhair le tuismitheoirí/caomhnóirí eile. Péigh leo conas a d'fhéadfadh sibh oibriú le chéile chun tacú le chéile agus le bhur gcuid leanaí.



FREAGRA NA SCOILE

Ba cheart go mbeadh cosc ar bhulaíocht mar chuid de Chód Iompair agus Disciplíne gach bunscoile agus iarbhunscoile.

Ba cheart go gcinnteodh polasaí scoile chun cur in aghaidh bulaíochta:

- Go ndéantar gearán do linbh a fhiosrú agus a thaifeadadh
- Go ndéantar an scéal a fhaire thar thréimhse réasúnach
- Go dtugtar tacaíocht do do leanbh sa scoil
- Go ndéileáiltear leis an eachtra go rúnda
- Go gcoinnítear ar an eolas tú faoin dul chun cinn.

COMHAIRLE PHRAITICIÚIL IS FÉIDIR LEAT A THABHAIRT DO DO LEANBH MÁ BHÍONN BULAÍOCHT Á DÉANAMH AIR NÓ UIRTHI

Abair leis an leanbh:

- Suímh ina mbeadh sé féin nó sí féin ina n-aonar leis an mbulaí a sheachaint
- Suímh ina dtabharfadh an bulaí aghaidh air nó uirthi a sheachaint

- Siúl leis nó léi go tapa má fheiceann siad an bulaí ag déanamh orthu
- Insint do thuismitheoir/mhúinteoir faoi aon bhulaíocht a tharlaíonn – fiú más ar dhuine éigin eile a bhíonn an bhulaíocht á déanamh
- Cuimhneamh ar rialacha Bí Sábháilte – Abair ‘stop’ – Imigh agus Inis do dhuine fásta a bheidh in ann cabhair a thabhairt.

Bheadh sé go maith na straitéisí féinchabhracha seo a mhúineadh do do leanbh le haghaidh suíomh nach féidir an bulaí a sheachaint.

- Gan tosú ag gol nó guaim a chailliúint – sin é go minic a bhíonn ón mbulaí
- Seasamh suas díreach agus féachaint muiníneach
- Labhairt go soiléir, go láidir agus go mall
- Féachaint idir an dá shúil ar an mbulaí agus a rá ‘Stop’ (Is cúnamh maith é freagairt do leasainmneacha, spochadh nó magadh sa bhaile le gáire).

Tagann an chuid is mó leanaí le cúnamh beag ón gcineál sin faidhbe tapa go maith.

CAD IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH CHUN COSC A CHUR LE BULAÍOCHT AR DO LEANBH?

Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh do leanbh go bhfuil sé de cheart aige nó aici ‘stop’ a rá agus insint faoi aon suíomh ina bhfuil siad míshuaimhneach nó faoi bhagairt.

Bíonn féin-mheas maith agus muinín ag teastáil ó leanbh le bheith in ann ‘stop’ a rá. Dá mhéad muiníne a bhíonn ag do leanbh is ea is lú seans go bhfulaingeoideadh sé nó sí drochíde. Tá tú in ann cur le féinmheas, agus muinín do linbh sa chaoi a molann tú iad, a labhraíonn tú leo, a dtugann tú misneach agus cluas le héisteacht dóibh.

Cuir deiseanna ar fáil le labhairt faoi dheacrachtaí beaga, faoi fhadhbanna beaga agus faoi aon eagla a bheadh ar an leanbh. Tabhair cluais don mhéid a bhíonn le rá ag an leanbh leat.

Tabhair le fios do do leanbh gur féidir leis nó léi labhairt leat má bhíonn fadhb acu. Cuimhnigh – mura mbeidh an leanbh in ann teacht chugatsa lena bhfadhbanna beaga ní mórán seans go dtiocfaidh siad chugat i gcás fadhbanna a bheidh níos mó.

Féach freisin leathanach 4 faoi Shábháilteacht Phearsanta.

CÉN FÁTH A NDÉANANN LEANAÍ BULAÍOCHT?

Bíonn go leor cúiseanna ann go ndéanann leanaí bulaíocht. D’fhéadfadh sé tarlú de bharr rud éigin eile i saol an linbh mar leanbh nua, bás sa teaghlach, tinneas tobann nó fadhbanna sa bhaile nó ar scoil.

Go minic leanaí a dhéanann bulaíocht bíonn bulaíocht déanta orthu féin. Bíonn easpa féinmhuiníne agus easpa féinmheasa ar chuid de na bulaithe. Bíonn cuid acu b’fhéidir ag iarraidh aird a tharraingt, ag iarraidh dul i bhfeidhm ar dhaoine eile trína gcuid bulaíochta. Leanaí a bhíonn faoi bhrú go n-éireodh leo is cuma cad a tharlóidh d’fhéadfadh sé go ndéanfadh siad bulaíocht lena chinntiú go n-éireoidh leo.

CAD IS FÉIDIR LEAT A DHÉANAMH MÁ S BULAÍ É DO LEANBH?

- Labhair leis an leanbh agus déan iarracht a fháil amach cén fhadhb atá i gceist. Leanaí a bhíonn sásta a adhmháil go bhfuil siad ag bulaíocht bíonn sé i bhfad níos éasca ina gcás sin an scéal a réiteach agus a n-iompar a athrú. Ba cheart iad a spreagadh chun sin a dhéanamh.
- Ná cuir pionós ar bhulaí trí bhulaíocht a dhéanamh tú féin. Is é an chaoi a ndéanfaidh tú an scéal

níos measa má bhuaileann tú leanbh nó má bhíonn tú ag béiceach air nó uirthi. Tá sé tábhachtach go mbraithfeadh an leanbh go gcuideoidh do chuid tacaíochtsa leis an scéal a réiteach.

- Leanaí a bhíonn ag bulaíocht is minic a bhíonn náire orthu nuair a fhaightear amach sin agus beidh siad ag iarraidh do chúnamh lena seasamh le daoine eile a thabhairt ceart ionas go mbeidh deathoil i réim arís.
- D'fhéadfadh roinnt daoine óga a bheith ann nach dtuigfeadh gur bulaithe iad. Bíonn daoine eile ceann ar aghaidh ag iarraidh gortú a dhéanamh. Tabhair le fios don leanbh nach bhfuil sé ceart bulaíocht a dhéanamh. Mínigh conas a bhraitheann an té a bhíonn ag fulaingt. Déan iarracht do leanbh a thabhairt ar thuiscint faoin tslí a mbraitheann an té a bhíonn ag fulaingt.
- Déan teagmháil le múinteoir/príomhoide do linbh agus inis dóibh faoin bhfadhb. Is féidir le tuismitheoirí agus le múinteoirí ag obair i gcomhar le chéile cuidiú leis an leanbh. D'fhéadfadh go mbeadh daoine eile freisin a bhíonn ag obair leis an leanbh in ann cuidiú leis no léi.

CAD FAOIN SCOIL?

Ba chóir go mbeadh sé leagtha amach i bpolasaí na scoile a dhéileálann le bulaíocht cén tslí a ndéileáiltear le heachtraí bulaíochta. Ba chóir go gcinnteofaí:

- Éisteacht chothrom don leanbh
- Eolas cruinn faoi nádúr na n-eachtraí
- Eolas faoin gcéad chéim eile. B'fhéidir go mbeadh ortsa agus ar do leanbh comhaontú a shíniú nó b'fhéidir go gcuirfí smachtbhannaí i bhfeidhm.
- Rúndacht
- Córas tacaíochta don bhulaí
- Go ndéanfar monatóireacht ar an scéal agus go dtabharfar aiseolas do na tuismitheoirí.

Tá treoirlínte eisithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi bhulaíocht do gach scoil.

DROCHÍDE LEANAÍ

Is deacair a thuiscint canathaobh go mbeadh aon duine ag iarraidh leanbh a ghortú nó go mbeidís ag iarraidh go mbraithidís go dona fúthu féin. Cibé cúis a bhíonn leis bíonn drochíde mícheart i gcónaí agus ní ar an leanbh riamh a bhíonn an locht. Is ar an mí-úsáideoir a bhíonn an milleán i gcónaí.

D'fhéadfadh leanbh a bheith ag fulaingt aon chineál amháin drochíde nó níos mó ná cineál amháin tráth ar bith.

CINEÁLACHA DROCHÍDE

Faillí Sa chás nach soláthraítear do riachtanais an linbh maidir le bia, teas, foscadh, cothaíocht agus sábháilteacht sa mhéid go bhfulaingíonn an leanbh dochar mór.

Drochíde fhisiciúil Sa chás go ndéantar leanbh a ionsaí nó a ghortú d'aon turas.

Drochíde mothúchán Nuair nach ndéantar freastal ar riachtanas an linbh maidir le cion, gean agus slándáil agus nach ndearnadh sin le tamall ag an tuismitheoir nó ag an gcaomhnóir.

Drochíde ghnéis Nuair a bhaintear leas as leanbh do shásamh gnéis duine eile.

Tá níos mó eolais le fáil ó: *Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*, arna fhoilsiú ag an Roinn Sláinte agus Leanaí (1999).

COMHARHAÍ A DFHÉADFADH DROCHÍDE A LÉIRIÚ

Tá sé tabhachtach go mbfhéidir cúiseanna eile seachas drochíde a bheith leis na comharthaí seo leanas. Uaireanta is comharthaí d'fhadhbanna eile iad freisin.

Ní cruthú cinnte é aon chomhartha amháin as féin go bhfuil drochíde tarlaithe.

Caithfear a thabhairt ar aird go mbíonn leanaí ann nach dtugann comhartha ar bith dúinn go mbíonn siad ag fulaingt drochíde. Uaireanta dhealródh sé nach mbeadh aon éifeacht ag eachtra ar leanbh ach ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí fós a bheith ag faire amach do thorthaí ar an eachtra. Bíonn sé tábhachtach i gcónaí fiosrú a dhéanamh faoi athruithe nach bhfuil míniú orthu in iompar an linbh.

Faillí Easpa dóthain soláthair bia, éadaí agus foscaidh

Leanaí a bheith seasta fágtha ina n-aonar d'uireasa dóthain cúraim agus maoirseachta

Iad a fhágáil oscailte do chontúirt

Faillí sheasta ó thaobh freastal ar scoil

Gan dóthain cúraim leighis

Dúshaothrú nó an iomarca oibre

Drochíde Fhísiciúil Gortuithe gan mhíniú mar brúnna, dónna, scalladh, greama, marcanna

Gortuithe gan chóireáil agus briseadh cnámh go minic.

Drochíde mothúchánach Seasta easpa tabhairt misnigh, spreagtha, ceana, tóra nó spreagtha

Diúltú, róchosaint an-mhór

Pionós neamhfhisiciúil neamhchuí m.sh. ag cur linbh faoi ghlas sa seomra codlata ar feadh i bhfad rófhada

Foréigin baile a fheiceáil

A bheith ag súil le nithe nach bhfuil cuí ó thaobh iompar linbh

Ciapadh seasta le caint trí lochtanna a fháil, magadh nó bagairtí

Aon leanbh a bhíonn ag fulaingt drochíde ghnéis nó fhísiciúil bíonn siad ag fulaingt drochíde mhothúchánach freisin.

Drochíde ghnéis Leideanna faoi ghníomhaíocht ghnéis

Iompar follasach ghnéis nó súgradh le bréagáin nó daoine eile

Tuiscint ar iompar ghnéis thar a n-aois m.sh. B'fhéidir go mbeadh an leanbh in ann gníomhartha ghnéis a mhíniú go mion nó go dtarraingeodh

sé nó sí pictiúir ina mbeadh ábhar follasach ghnéis.

Drogall neamhghnách a bheith páirteach i ngnáthghníomhaíochtaí lena mbainfeadh éadaí a bhaint díobh, m.sh cluichí/snámh,

Pian, tochas, marc brú ar an graiceann, ag cur fola nó ionfhabhtú thart sna baill ghiniúna a chruthódh deacrachtaí ag suí síos nó ag siúl.

DROCHÍDE GHNÉIS LEANAÍ

Is minic gur drochíde ghnéis leanaí an cineál drochíde is deacra a aimsiú mar gheall ar an rúndacht ar a maireann sí. Is fíorchorr uair gur eachtra amháin a bhíonn i gceist agus de ghnáth tarlaíonn sí thar roinnt blianta. I gcás go leor cásanna de dhrochíde ghnéis cuirtear an fulaingeoir sa chaoi go mbraitheann sé nó sí ciontach faoin méid a bhíonn ag tarlú dóibh.

Is féidir le drochíde ghnéis leanaí a bheith ag tarlú ar go leor bealaí ó nochtadh neamhgheanasach agus glaonna fóin graosacha go drochíde lena mbaineann comhriachtain ghnéis iomlán. D'fhéadfadh mioneachtra tionchar a bheith aici ar leanbh agus is dearmad é a cheapadh nach mbíonn drochíde tromchúiseach ach amháin nuair a bhíonn comhriachtain i gceist.

Cé hiad na fulaingeoirí ?

Is féidir le leanaí drochíde ghnéis a fhulaingt ag aois ar bith – ó bheidh siad ina naonáin go dtí na déaga. Is idir ceithre bliana agus aon bhliain déag is mó a bhíonn leanaí i mbaol agus bíonn

an oiread contúirte céanna ann don dá inscne. D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra ar bhuachaillí a insint má bhíonn siad ag fulaingt. Baineann daoine a fhulaingíonn le gach aicme shóisialta. Bíonn leanaí míchumasaithe níos mó fós i gcontúirt agus i gcontúirt níos mó drochíde (féach roinn 'Leanaí lena mbaineann Riachtanais Speisialta' leathanach 15)

Cé dhéanann an Drochíde?

Cuid mhaith de na daoine a dhéanann drochíde is fir óga sna déaga nó i dtús na bhfichidí iad.

Déanann duine a dhéanann drochíde ghnéis iarracht ar dtús caidreamh speisialta a chothú leis an leanbh – dírtear ar leanbh, réitítear agus tástáiltear é agus ansin sa deireadh déantar an drochíde. Is nós a mbaineann éigeantacht leis í drochíde ghnéis. Is duine a mbíonn aithne ag an leanbh air agus a mbíonn muinín aige as de ghnáth a dhéanann an drochíde ghnéis, duine den teaghlach, gaol, feighlí leanaí nó comharsa.

COMHARTHAÍ IOMPAIR AGUS FADHBANNA MOTHÚCHÁN A LÉIREODH DROCHÍDE LEANAÍ B'FHÉIDIR

- Iompar an-trodach nó an-chiúin ann féin
- Easpa díriú intinne (athrú san obair scoile)
- Ag fliuchadh na leapa, ag salú, galair chraicinn, gearáin gan mhíniú (pian, tinneas cinn etc.)
- Tromluí, athrú sa phatrún codlata, easpa goile etc

- An iomarca faitís roimh dhaoine fásta.
- Deacracht caidreamh a dhéanamh le daoine fásta nó leanaí eile
- Féinmheas íseal agus easpa féin-mhuiníne.
- Ag rith as baile (rud comónta i gcás fulaingeoírí sna déaga)

Cuimhnigh – ní cruthú cinnte é aon chomhartha amháin as féin go bhfuil drochíde tarlaithe. Bíonn sé tábhachtach i gcónaí athruithe gan mhíniú in iompar do linbh a fhiosrú.

TIONCHAIR DHROCHÍDE LEANAÍ

Bíonn difear sa tionchar a bhíonn ag drochíde ó dhuine go duine agus braitheann sé ar aois an fhulaingeora, a gcaidreamh leis an duine a rinne an drochíde agus méid na drochíde. B'fhéidir gurbh é an dochar fadtéarmach is mó a dhéantar do leanbh ná gur lig an duine a rinne an drochíde síos an leanbh go háirithe má bhí caidreamh dlúth idir an duine a rinne an drochíde agus an leanbh.

D'fhéadfadh tionchar drochíde fanacht sa chúlra go ceann blianta fada agus d'fhéadfadh eachtraí amach sa saol é a thabhairt chun cinn fearacht ógántacht, pósadh nó saolú linbh.

Le cóireáil agus comhairle tagann an chuid is mó fulaingeoírí ar thuiscintí maidir leis an drochíde agus éiríonn leo gnáthshaol a chaitheamh.

CÉN FÁTH NACH N-INSÍONN AN LEANBH D'AON DUINE FAOI ?


- B'fhéidir go bhfuil breab nó bagairt geallta d'fhonn an drochíde a choimead faoi rún
- Uaireanta cuirtear ina luí ar leanaí gur gnáthrud í an drochíde a bhíonn i gceist agus go bhfuil sí inghlactha
- B'fhéidir nach mbeadh an teanga acu le labhairt faoin méid a bhíonn ag tarlú
- D'fhéadfadh an duine a bhíonn ag déanamh na drochíde iarracht a dhéanamh go mbraithfeadh an leanbh ciontach nó freagrach as an drochíde.
- Uaireanta ní chreidtear leanaí, glactar leis go mbíonn siad ag déanamh suas

scéalta nó ag samhlú nithe. Ach is annamh a dhéanann leanaí scéalta suas faoi dhrochíde.

CAD BA CHÓIR DUIT A DHÉANAMH MÁ BHÍONN AMHRAS ORT GO BHFUIL DROCHÍDE Á DHÉANAMH AR LEANBH?

D'fhéadfadh sé a bheith deacair a dhéanamh amach an bhfuil bunús le do chuid amhras, an bhfuil drochíde á déanamh ar leanbh. Sula ndéanfaidh tú aon ní, ní mór duit smaoineamh an bhféadfadh aon mhíniú eile a bheith ar an scéal agus na ceisteanna seo a leanas a chur ort féin:

- An bhfuil aon chúis eile ann a mbeadh an leanbh nó an tuismitheoir á n-iompar féin ar bhealach áirithe?



- An bhfuil patrún ag baint leis an gcineál eachtra atá i gceist?
- An bhfaca tusa nó aon duine eile an méid a tharla?
- An ndúirt an leanbh aon ní a léireodh go bhfuil sé nó sí ag fulaingt drochíde?
- An bhféadfadh údar eile a bheith leis na gortuithe nó na comharthaí?

Má tá breathnaithe agat ar na ceisteanna sin agus má tá inní fós ort is dóigh go bhfuil bunús réasúnach agat chun gníomhú. Tá sé tábhachtach cuimhneamh go bhfuil dualgas ar gach duine leanaí a chosaint agus comhoibriú le daoine gairmiúla nuair is gá.

CAD BA CHÓIR DUIT A DHÉANAMH MÁ INSÍONN LEANBH FAOI DHROCHÍDE?

- Tabhair cluas don leanbh. Ná brúigh an leanbh chun mínithe a thabhairt.
- Glac leis go bhfuil rud tarlaithe don leanbh atá ag cur as dó nó di. Ná séan an fhadhb, is cuma cé chomh crua is a d'fhéadfadh sin a bheith.
- Coinnigh guaim ar do chuid mothúchán agus abair go cinnte leis an leanbh nach airsean nó uirthise atá an locht agus go raibh an ceart acu insint duit faoi.
- Feidhmigh go tapa – ná déan moill ó thaobh cúnaimh a fháil.
- Má cheapann tú go bhfuil leanbh ag fáil drochíde nó i gcontúirt ó dhuine éigin sa teaghlach nó lasmuigh déan teagmháil le hoibrí sóisialta nó duine gairmiúil sláinte eile i d'ionad sláinte áitiúil. Más éigeandáil a bhíonn i gceist agus sin lasmuigh d'uaire oscailte an Bhoird Sláinte ba cheart

duit tuairisc a thabhairt don Gharda Síochána. Faoin dlí ní ghearrfar pionós ar aon duine mar gheall ar thuairisc a thabhairt faoi dhrochíde leanaí don Bhord Sláinte nó na Gardaí fad is nach ndéantar sin ar bhonn mailíseach agus le dea-intinn.

Tá treoirilínte eisithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta do gach múinteoir a leagann amach nósanna imeachta ba chóir a leanúint má bhíonn amhras orthu faoi dhrochíde nó má fhaigheann siad líomhaintí nó nochtadh faoi dhrochíde.



DAOINE FÁSTA A D'FHULAING DROCHÍDE INA LEANAÍ

D'fhéadfadh cuid de na léitheoirí drochíde a bheith fulaingthe acu agus iad ina leanaí. Dhéileáil go leor acu go maith leis go háirithe má fuair siad tacaíocht óna muintir agus ó chairde. Is minic a chuidíonn sé le daoine fásta a d'fhulaing drochíde ina n-óige labhairt le duine a thugann tacaíocht dóibh – fearacht comhairleoir gairmiúil – i dtimpeallacht shábháilte agus shlán. Tá go leor eagraíochtaí ann a sholáthraíonn tacaíocht agus comhairle faoi chomhairleoireacht den sórt sin (féach liosta de na heagraíochtaí cuí ag cúl an leabhráin). Bheadh d'oiribí sóisialta ón mbord sláinte áitiúil freisin in ann cuidiú leat.

Cuimhnigh – le cúnamh bíonn leanaí in ann teacht slán ó bhulaíocht agus dhrochíde agus gnáthshaol sona sásta a chaitheamh.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi na topaicí atá clúdaithe sa leabhrán seo tá ábhar ar fáil sna príomhshliopaí leabhar agus sna leabharlanna agus ó chuid de na heagraíochtaí atá luaithe ag cúl an leabhráin seo. Tá an Clár Bí Sábháilte ar fáil lena fhéachaint i gcuid mhaith leabharlanna agus tá ábhair Bí Sábháilte ar fáil le ceannach ó

An Clár Coiscthe Drochíde ar Leanaí,
Teach an Droichid

Cherry Orchard Hospital,

Baile Fhearmaid


Baile Átha Cliath 10

Teil:- 01-6206347

Is féidir ríomhphost a chur chugainn
ag:

Staysafe@indigo.ie

Nó tabhair cuairt orainn ar an idirlíon
ag: www.staysafe.ie



EAGRAÍOCHTAÍ

BORD SLÁINTE ÁITIÚIL

Má tá imní ort faoi leas linbh nó go bhfuil leanbh i mbaol drochíde ní mór dul i dteagmháil le do bhord sláinte áitiúil. Amharc san eolaí teileafóin áitiúil d'uimhreacha áitiúla.

BARNARDOS

Cearnóg Theampall Chríost,
Baile Átha Cliath 8,
Fón: (01) 4530355

Is eagraíocht í Barnardo's a oibríonn le caighdeán saol leanaí a fheabhsú trí réimse seirbhísí a chur ar fáil do leanaí agus dá dteaghlaigh.

IONAD ACMHAINNÍ AGUS TAIGHDE IOMPAR BULAÍOCHTA

Roinn Oiliúint Mhúinteoirí,
Coláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath 2
Fón: (01) 6081240

Soláthraíonn sé seirbhís do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile nach iad a dteastaíonn eolas agus comhairle uathu faoi bhulaíocht

LÍNE CHABHRACH BHULAÍOCHTA 0502-20598

Is é Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí a réachtálann an líne chabhrach seo atá ar fáil d'fhulaingeoirí bulaíochta agus dá dtuismitheoirí.

FEACHTAS IN AGHAIDH BULAÍOCHTA

Fón: (01) 288 7976

Is eagraíocht dheonach í seo a sholáthraíonn eolas agus a thugann tacaíocht agus comhairle maidir le bulaíocht d'fhulaingeoirí agus dá dteaghlaigh.

FUNDÚIREACHT C.A.R.I.

110 Bóthar Dhroim Conrach, Baile Átha Cliath.

Fón: (01) 8308529

2 Bóthar Gharraí Eoin, Luimneach

Fón: 061 413331

Soláthraíonn sé seirbhís d'fhulaingeoirí drochíde agus do bhaill a dteaghlach nach mbíonn i mbun drochíde.

CHILDLINE FÓN: 1-800 666 666

Is seirbhís í seo a réachtálann an ISPCC do leanbh ar bith a bhíonn i dtrioblóid nó a bhíonn i gcontúirt.

CÓNASCADH MÍCHUMAIS NA hÉIREANN

2 Páirc Oifige Sandyford, Baile Átha Cliath 18.

Fón: (01) 295 9344

Tá sé d'aidhm acu seo cuidiú leis na balleagraíochtaí an réimse seirbhísí is fearr gur féidir a sholáthar do dhaoine atá faoi mhíchumas.

**AONAD IMSCRÚDAITHE FORÉIGIN
BHAILE AGUS IONSAÍ GNÉIS NA
nGARDAÍ**

Fón 6663430/34/37

Soláthraíonn an t-aonad seo seirbhís don phobal trí eolas agus comhairle a thabhairt. Déanann sé monatóireacht agus maoirseacht ar gach cás de dhrochíde leanaí, d'ionsaí gnéis, d'fhoréigean baile agus d'éigniú ar bhonn náisiúnta.

ISPCF Fón: (01) 679 4944

Is cumann é an I.S.P.C.C. a chosnaíonn leanaí agus atá dírithe ar leanaí agus a bhfuil mar bhunaidhm aige ceart gach linbh fás aníos slán sábháilte.

**COMHAIRLE NÁISIÚNTA NA
dTUISMITHEOIRÍ (BUNSCOILEANNA)**

16 Sráid Cumberland Theas, Baile Átha Cliath 2.

Fón (01) 6789980

Cuireann an eagraíocht seo tuairim thuismitheoirí in iúl do gach comhlacht tábhachtach oideachasúil.

PARENTLINE FÓN (01) 873 3500

Soláthraíonn an eagraíocht seo líne teileafóin a thugann tacaíocht agus comhairle do thuismitheoirí go háirithe agus iad faoi strus.

IONAID GHÉARCHÉIME ÉIGNITHE

Tugann na hIonaid Ghéarchéime Éignithe comhairleoireacht agus comhairle d'fhulaingeoirí éignithe agus ionsaithe gnéis. Amharc san eolaí teileafóin áitiúil d'uimhreacha áitiúla.

TACAÍOCHT D'FHULAINGEOIRÍ

29/30 Sráid na Bantiarna, Baile Átha Cliath 2.

Fón: (01) 679 8673

Cuidíonn Tacaíocht d'Fhulaingeoirí le daoine a d'fhulaing coir déileáil leis.

Tugtar comhairle, cuidiú, tacaíocht nó éistfear go báúil le duine ar bith a bhfuil coir ag dul i bhfeidhm air/uirthi.

